

SEO AGAIBH SCÉAL EILE: COMÓRTAS SCRÍBHNEOIREACHTA AN POST AGUS CHUMANN MÚINTEOIRÍ ÉIREANN DO SCOILEANNA

Tá An Post agus Cumann Múinteoirí Éireann ag iarraidh ar dhaltáí smaoineamh ar na leabhair is fearr leo agus scéal a scríobh bunaithe ar an domhan sin. Táimid ag iarraidh go bpléifeá leabhair den scoth agus carachtair iontacha agus go samhlfófa céard a tharlódh dá mbeadh tú in ann an scéal a athrú.

AN CHAOI LE CUR ISTEACH AR AN GCOMÓRTAS

1. Íoslódáil agus priontáil na foirmeacha iontrála ó www.anpostschoolbag.ie/competition
2. Ach na foirmeacha iontrála a úsáid, iarr ar do dhaltáí cinneadh a dhéanamh faoi céard a tharlódh do na carachtair is fearr leo agus/nó scéalta agus scríobh fúthu.
3. Bí linn agus muid ag ceiliúradh shamhlaíocht agus áthas na léitheoireachta. Tá neart acmhainní ar anpostschoolbag.ie/competition chun cabhrú leat ceachtanna a phleanáil, ina measc:
 - Gníomhaíochtaí Scéal Eile An Post.
 - Bíleoga Oibre agus Seicliosta Scríbhneoireachta.
 - Físeáin do Bhunscoileanna.



GNÍOMHAÍOCHT 1: SCÉALAÍOCHT

1. Léigh sliocht as leabhar nó scéal do do rang.
2. Má tá moltaí uait, is féidir breathnú ar an liosta de na leabhair Ghaeilge a fuair ainmniúchán le haghaidh Ghradam Réics Carló 2018 (agus achoimre ar an scéal) ag www.antoireachtas.ie/gradaim-fhoilsitheoireachta/gradam-reics-carlo. Is féidir breathnú ar liosta de na leabhair Bhéarla a fuair ainmniúchán le haghaidh Leabhar Páistí na Bliana (Sóisearach), 2018 (agus achoimre ar an scéal) ag www.bit.ly/juniorbook



3. Pléigh an scéal/sliocht leis na daltaí:

- Ar thaitin an sliocht leis na daltaí?
- Céard a thaitin/nár thaitin leo faoin sliocht?
- Cén carachtar ab fhearr leo?
- Ar oibrigh críoch (má léigh sibh í) an scéil?
- Céard ba mhaith leo a fheiceáil anois sa scéal?
- Píocaigí carachtar amháin nár chuireamar aithne rómhaith air... ar mhaith libh go mbeadh ról níos mó acu sa scéal?
- Céard a tharlódh ansin meas sibh?

GNÍOMHAÍOCHT 2: AN LEABHAR IS FEARR LIOM

Na Naíonáin Shóisearacha agus na Naíonáin Shinsearacha

Iarr ar na daltaí na leabhair is fearr leo a thabhairt isteach. Is féidir leis an rang breathnú ar ár bhfiseán spraiúil ina bhfuil páistí ag plé na leabhar is fearr leo, céard a thaitníonn leo fúthu agus cé na hathruithe a dhéanfaidís orthu. I ndiaidh do na daltaí breathnú ar an bhfiseán, iarr orthu tabhairt faoi phlé ranga: cén fáth ar roghnaigh siad an leabhar a thug siad leo mar an leabhar is fearr leo, cé hiad na carachtair is fearr leo, agus ar mhaith leo aon athrú a fheiceáil ar an scéal?

Rang a hAon go dtí Rang a Sé

Is féidir leis an rang breathnú ar an bhfiseán ina bhfuil páistí ag plé na leabhar is fearr leo. Is féidir le daltaí níos sine breathnú ar fhiseán d'údar clúiteach ag plé leideanna faoi scríbhneoireacht mhaith agus ag plé na leabhar agus na gcarachtair is fearr leo. Déanann na daltaí mar a bhí thuas, ach ansin freagraíonn siad an bhileog oibre 'An Leabhar is Fearr liom' bunaithe ar an bplé sin.





GNÍOMHAÍOCHT 3: SCRÍOBH FAOI! AN COMÓRTAS SCÉAL EILE

Ach foirmeacha iontrála an chomórtais Scéal Eile a úsáid, iarr ar na daltaí tabhairt faoin ngníomhaíocht scríbhneoireachta seo a leanas:

Na Naíonáin Shóisearacha agus na Naíonáin Shinsearacha

Is féidir le daltaí stiallgheannán cúig bhosca a tharraingt faoi 'chrioch dhifriúil' leis an scéal is fearr leo.


Rang a hAon go dtí Rang a Sé

Scríobh iontráil don chomórtas ar an bhfoirm iontrála. Roghnaigh ó:

1. Crioch dhifriúil leis an scéal is fearr leat.
2. Scéal difriúil carachtair thánaistigh.

Úsáid an bhileog oibre 'Seicliosta Scríbhneoireachta' sa rang chun cabhrú leis na daltaí botúin ina n-iontrálacha a aimsiú agus a cheartú.






NAISC LEIS AN GCURACLAM

Teanga

Na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó: An Curaclam Nua

- Spéis agus comhaird a léiriú, straitéisí tuisceana a úsáid agus stór focal a shealbhú trí éisteacht ghníomhach a dhéanamh le Gaeilge shaibhir á labhairt i réimse comhthéacsanna agus i nguthanna/canúintí eile chomh maith le guth/canúint an mhúinteora ar mhaithe le spraoi agus cúiseanna faoi leith, cé nach gá go dtuigfeadh sé/sí gach focal.
- Comhráite ar thopaicí pearsanta agus ar thopaicí curaclaim a leanúint agus páirt a ghlacadh iontu agus freagra a thabhairt ar dhaoine eile i bhfocail nó go neamhbhriathartha le tacaíocht de réir mar is gá.
- Leas a bhaint as noirm shóisialta chuí chun comhráite ar thopaicí pearsanta agus ar thopaicí curaclaim a thosú, a bheith páirteach iontu agus iad a choimeád ar siúl agus tuin oiriúnach chainte agus scileanna cuí léirithe a úsáid a oirfidh don lucht éisteachta.
- Úsáid a bhaint as abairtí comhleanúnacha a bhíonn ag éirí níos deacra de réir a chéile le hord ceart na bhfocal agus struchtúr ceart na habairte agus úsáid a bhaint as nascaigh, as comhabairtí agus as abairtí casta chun sainmhíniú cuí a thabhairt.
- Tuiscint a léiriú trí threoracha a thabhairt agus a leanúint agus insintí, míniúcháin agus cur síos a thuiscint, agus cás a dhéanamh go soiléir, lena n-áirítear tuairimíocht a dhéanamh, hipitéis a thabhairt, údar a thabhairt, idirbheartaíocht a dhéanamh, argóint a dhéanamh agus gearán a dhéanamh.
- Ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla de réir mar is gá, chun cabhair a lorg, teacht ar eolas agus ar thuiscint agus chun smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú.
- Scéalta agus insintí pearsanta a insint agus a athinsint san ord ceart agus ag úsáid aimsirí agus stór focal ó bhéal cuí.
- Éisteacht le gnéithe aeistéitiúla, samhlaíocha agus cruthaitheacha na teanga agus freagairt dóibh, agus teanga a úsáid ar bhealach spraiúil, cruthaitheach.
- Cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, ar imeachtaí agus ar phróisis a bhaineann le fíor-chomhthéacsanna agus le comhthéacsanna samhlaíocha, iad a thuar agus machnamh a dhéanamh orthu.





NAISC LEIS AN GCURACLAM

Gaeilge

Naíonáin go Rang a Sé - An Curaclam Sean

- An Ghaeilge a shealbhú mar thoradh ar ionchur taitneamhach ó thús na foghlama
- Taitneamh a bhaint as rainn, dánta, amhráin rithimiúla, imeartas focal, rabhlóga agus drámaí
- A c(h)umas cumarsáide a fhorbairt trí chluichí teanga agus tascanna
- Na scileanna teanga a fhorbairt de réir a chéile trí ábhar teagaisc agus foghlama comhaimseartha atá tarraingteach agus spreagúil a úsáid
- Éisteacht go neamhfhoirmiúil agus brí a bhaint as caint nó as comhrá nach bhfuil sé/sí páirteach ann
- Éisteacht ghníomhach a fhorbairt trí thascanna agus trí chluichí éisteachta beirte agus i ngrúpaí
- Páirt a ghlacadh i gcomhrá faoi thopaicí a bhfuil spéis aige/aici féin iontu
- Tuiscint a fháil ar ghramadach na Gaeilge trí úsáid a bhaint as an teanga i gcomhthéacsanna réalaiocha
- Scileanna éagsúla na léitheoireachta a fhoghlaim i gclár réamhléitheoireachta
- Scileanna na léitheoireachta a fhorbairt trí ábhar taitneamhach a léamh
- Straitéisí éagsúla tuisceana a fhorbairt trí chleachtaí agus cluichí léitheoireachta
- Téacsanna gairide pearsanta agus cruthaitheacha a scríobh
- Tuiscint a fháil ar phróiseas na scríbhneoireachta trí athdhréachtú a dhéanamh
- Forbairt chognaíoch agus theangeolaíoch a aithint mar thoradh ar fhoghlaim na Gaeilge

